

Scéim

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

2005 – 2008

faoi

Alt 11

d’Acht na dTeangacha Oifigiúla  
2003

National University of Ireland,

Galway

Scheme

2005 – 2008

under

Section 11 of the

Official Languages Act 2003

Iúil / July 2005

## CLÁR / CONTENTS

<b>Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra</b>	<b>Chapter 1 Introduction and Background</b>
1.1 Treoirlínte d'ullmhú na Scéime	1.1 Guidelines for preparation of Scheme
1.2 Dáta Tosaigh na Scéime	1.2 Commencement date of Scheme
<b>Caibidil 2 Forléargas ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh</b>	<b>Chapter 2 Overview of National University of Ireland, Galway</b>
2.1 Cúlra Reachtúil le hÚsáid na Gaeilge san Ollscoil	2.1 Legislative Background to Irish Language Usage in the University
2.1.1 Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929	2.1.1 University College Galway Act, 1929
2.1.2 Acht na nOllscoileanna 1997	2.1.2 The Universities Act 1997
2.2 Forbairt ar Dhea-Obair	2.2 Continuation of Positive Actions
2.2.1 Plean Straitéiseach do OÉ, Gaillimh 2003-2008	2.2.1 Strategic Plan for NUI, Galway 2003-2008
2.2.2 Plean Acadúil Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2003-2008	2.2.2 Academic Plan 2003-2008, National University of Ireland, Galway
2.2.3 Pleanáil do Champas Eiseamláireach Dátheangach	2.2.3 Planning for an Exemplary Bilingual Campus
2.2.4 An Oifig Aistriúcháin	2.2.4 An Oifig Aistriúcháin
2.3 Measúnú ar a mhéad atá seirbhísí ar fáil cheana féin trí Ghaeilge	2.3 Assessment of the extent to which services are already available through Irish
2.4 Custaiméirí agus Cliant	2.4 Customers and Clients
A Seirbhísí trí Ghaeilge amháin	A Services through the medium of Irish only
B Seirbhísí trí Ghaeilge agus trí Bhéarla	B Services through the medium of Irish and English
C Seirbhísí trí Bhéarla amháin	C Services through the medium of English only
<b>Caibidil 3 Soláthar Sheirbhísí / Ghníomhaíochtaí Riaracháin na hOllscoile</b>	<b>Chapter 3 Provision of University Administrative Services / Activities</b>
3.1 Bealaí Cumarsáide leis an bPobal / Eolas don Phobal	3.1 Means of Communication with the Public / Information for the Public
3.1.1 An Chéad phointe teagmhála	3.1.1 The First Point of Contact
3.1.2 Comhfhreagras Oifigiúil Ollscoile	3.1.2 Official University Correspondence
3.1.3 Teagmháil leis na Meáin Chumarsáide	3.1.3 Contact with the Media
3.1.4 Foirmeacha iarratais / clárúcháin	3.1.4 Application / registration forms
3.1.5 Láithreán Gréasáin na hOllscoile	3.1.5 University Website
3.1.6 Faisnéis do mhic léinn	3.1.6 Student Information
3.1.7 Foilseacháin de chuid OÉ, Gaillimh	3.1.7 NUI, Galway Publications
3.1.8 Comharthaí ar an gCampas	3.1.8 On-Campus Signage
3.1.9 Folúntais a Fhógairt	3.1.9 Advertising of Vacancies
3.2 Teicneolaíocht Faisnéise	
3.3 Ionaid Ghaeltachta	
3.4 Logainmneacha Gaeltachta	

<b>Caibidil 4</b>	<b>Cúrsaí Léinn trí mheán na Gaeilge</b>	<b>3.2 Information Technology</b>
<b>4.1</b>	<b>Teagasc trí Ghaeilge</b>	<b>3.3 Ionaid Ghaeltachta</b>
<b>4.2</b>	<b>Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge</b>	<b>3.4 Gaeltacht Place names</b>
<b>Caibidil 5</b>	<b>Faireachán agus Athbhreithniú</b>	<b>Chapter 4 Studies through the medium of Irish</b>
		<b>4.1 Teaching through Irish</b>
		<b>4.2 Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge</b>
<b>Caibidil 6</b>	<b>Poiblíocht ar an Scéim</b>	<b>Chapter 5 Monitoring and Review</b>
<b>Aguisín 1</b>	<b>Tosaíocht Straitéiseach 5 den Phlean</b>	<b>Chapter 6 Publicising the Agreed Scheme</b>
<b>Straitéiseach</b>		<b>Appendix 1 Strategic Plan: Strategic Priority 5</b>

<b>Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra</b>	<b>Chapter 1 Introduction and Background</b>
<p>D’ullmhaigh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an scéim seo faoi <i>Alt 11</i> d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”).</p> <p>Forálann <i>Alt 11</i> d’ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí, scéim a thugann mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• trí mheán na Gaeilge;</li> <li>• trí mheán an Bhéarla; agus</li> <li>• trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.</li> </ul> <p>agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuiltear á soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.</p> <p><b>1.1 Treoirlínte d’ullmhú na Scéime</b></p> <p>Forálann <i>Alt 12</i> den Acht d’ullmhú treoirlínte ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus iad a eisiúint do chomhlachtaí poiblí chun cuidiú le hullmhú na scéimeanna. Dréachtaíodh an scéim seo ag féachaint do na Treoirlínte eisithe sin.</p> <p>D’fhoilsigh an Ollscoil fógra faoi <i>Alt 13</i> ag lorg uiríll ón bpobal maidir le hullmhú na Scéime faoi <i>Alt 11</i>.</p> <p>Tugadh san áireamh sa Scéim na haighneachtaí a fuarthas agus an t-eolas a bailíodh ó fhoireann na hOllscoile de bhun suirbhé a rinneadh ar ranna na hOllscoile; tugadh san áireamh inti freisin an plé a rinneadh le hionadaithe foirne. Is mór ag an Ollscoil an t-am agus an dua a chaith gach duine a raibh baint acu leis an bpróiseas seo.</p> <p><b>1.2 Dáta Tosaigh na Scéime</b></p> <p>Cuirfear tús leis an scéim seo ach dáta a bheith aontaithe agus deimhnithe tar éis phróiseas deimhniúcháin na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.</p>	<p>This scheme was prepared under <i>Section 11</i> of the Official Languages Act 2003 (“the Act”) by National University of Ireland, Galway.</p> <p><i>Section 11</i> provides for the preparation by public bodies of a statutory scheme detailing the services they will provide</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• through the medium of Irish;</li> <li>• through the medium of English; and</li> <li>• through the medium of Irish and English</li> </ul> <p>and the measures to be adopted to ensure that any service not provided by the body through the medium of the Irish language will be so provided within an agreed timeframe.</p> <p><b>1.1 Guidelines for preparation of Scheme</b></p> <p><i>Section 12</i> of the Act provides for the preparation of guidelines by the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs and their issue to public bodies to assist in the preparation of schemes. This scheme has been drawn up with regard to these Guidelines.</p> <p>The University published a notice under <i>Section 13</i> inviting representations from the public in relation to the preparation of the Scheme under <i>Section 11</i>.</p> <p>The Scheme has been informed by submissions received and information obtained from University staff as part of a survey of University departments and by discussion with staff representatives. The University appreciates the time and effort put in by all concerned in this process.</p> <p><b>1.2 Commencement date of Scheme</b></p> <p>This scheme will commence on an agreed and verified date to be appointed after the completion of the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs confirmation process.</p>

## Caibidil 2 Forléargas ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Bunaíodh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh mar Choláiste na Ríona, Gaillimh i 1845. Inniu tá níos mó ná 15,000 mac léinn cláraithe ina seacht nDámh: Dámh na nDán, na hEolaíochta, na Tráchtála, na hInnealtóireachta, an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte, an Dlí, agus an Léinn Cheiltigh. Cuireann na Dámha ar fad cláir fochéime agus iarchéime ar fáil. Tá breis agus 1,500 ball foirne acadúil, gairmiúil agus tacaíochta fostaithe ag an Ollscoil.

Tá an príomhchampas suite ar an 260 acra cois abhann in aice le lár Chathair na Gaillimhe. Tá timpeallacht shóisialta agus chultúrtha i nGaillimh ina gcuirtear fáilte roimh mhic léinn. Sa cheantar timpeall ar an Ollscoil tá Gaeltacht Chonamara, traidisiúin shaibhre chultúrtha agus ealaíonta, cósta fairsing ar an Atlantach Thuaidh agus go leor ceantar atá súimiúil ó thaobh na héiceolaíochta agus na heolaíochta de, lena n-áirítear tírdhreach cáiliúil carstach Bhoirne.

Tharla forbairt mhear ar ghníomhaíocht taighde san Ollscoil le blianta beaga anuas agus fuarthas maoiníú suntasach de bharr tionscnaimh thábhachtacha a bheith idir lámha aici. Ina polasaí taighde thug an Ollscoil tosaíocht d'fhócas idirdhisciplíneach ar réimsí sonracha feabhais lena n-áirítear an Eolaíocht Mhuirí, Eolaíocht Innealtóireachta Bithmhíochaine, Leigheas Athghiniúnach, Léann na hÉireann, Dlí um Chearta an Duine, Lonnaíocht Dhaonna agus Athrú Stairiúil, Athrú Comhshaoil, agus Nuálaíocht agus Athrú Struchtúrach.

Cé gur Éireannaigh iad tromlach a cuid mac léinn, freastalaíonn mic léinn ó 43 tír eile ar an Ollscoil, agus feictear go bhfuil deis ann méadú a chur ar líon na mac léinn eachtrannach a nglactar leo san Ollscoil. Forbraíonn comhpháirtíochtaí Ollscoile, mar an Grúpa Coimbra agus a leithéid, an gréasán idirnáisiúnta agus timpeallacht ilchultúrtha san Ollscoil. Tabharfaidh an Ollscoil, freisin, faoi thionscnaimh bhreise a fhorbairt le comhpháirtithe i gComhghuaillíocht Ollscoileanna an Atlantaigh (AUA). Is cleachtas bunúsach in OÉ, Gaillimh an malartú idirnáisiúnta agus an taighde comhoibríoch atá ar siúl go leanúnach ar bhonn idirnáisiúnta, i ngach dámh agus ionad.

De bhrí gurb í an t-aon Ollscoil í i Réigiún

## Chapter 2 Overview of National University of Ireland, Galway

National University of Ireland, Galway was founded as Queen's College Galway in 1845. Today the University has over 15,000 students registered across its seven Faculties: Arts, Science, Commerce, Engineering, Medicine and Health Sciences, Law, and Celtic Studies. All Faculties offer primary and postgraduate degree programmes. The University employs over 1,500 academic, professional and support staff.

The main campus is located on 260 riverside acres adjacent to the centre of Galway City. Galway provides a student-friendly social and cultural environment. The University's hinterland includes the Connemara Gaeltacht, with its rich cultural and artistic traditions, an extensive coastline on the North Atlantic and many areas of ecological and scientific interest, including the renowned karst landscape of the Burren.

Research activity at the University has undergone a period of rapid development in recent years and important initiatives have attracted substantial funding. In its research policy the University has prioritised an interdisciplinary focus on specific areas of excellence including Marine Science, Biomedical Engineering Science, Regenerative Medicine, Irish Studies, Human Rights Law, Human Settlement and Historical Change, Environmental Change, and Innovation and Structural Change.

Though the majority of its students are Irish, the University attracts students from 43 other countries, and sees an opportunity to increase the intake of international students. University partnerships, such as the Coimbra Group and others, expand the international network and the multicultural environment in the University. The University will also seek to develop further initiatives with partners in the Atlantic University Alliance (AUA). The constant flow of international exchanges and collaborative research, which is found in all faculties and centres, is a fundamental practice at NUI, Galway.

As the only University in the EU-designated Objective 1 Border, Midlands and Western

Chuspóir 1 na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (BMW) mar atá sainithe ag an AE, tá ról lárnach ceannaireachta agus comhpháirtíochta ag OÉ, Gaillimh, le hinstiúidí tríú leibhéal eile sa réigiún, agus le heagraíochtaí forbartha réigiúnacha, i gcomhthéacs athrú déimeagrafach agus sóisialta. Tá an Ollscoil tiomanta don mhéid is mó comhoibriúcháin agus is féidir a bhaint amach lena comhpháirtithe in LÍONRA (an Gréasán Ardoideachais Réigiúnach) – IT na Gaillimhe agus Mhaigh Eo, IT Leitir Ceanainn, IT Shligigh, IT Dhún Dealgan, IT Bhaile Átha Luain agus Coláiste San Aingéal, Sligeach. Cuireann an Ollscoil cláir ar fáil go díreach agus trí áiseanna for-rochtana ar fud na tíre, agus tá fócas láidir agus go leor bainte amach in imeacht na mblianta i réimse an oideachais aosaigh agus leanúnaigh.

## 2.1 Cúlra Reachtúil le hÚsáid na Gaeilge san Ollscoil

### 2.1.1 *Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929*

Is mó cur agus cúiteamh agus plé atá déanta ar an Acht thuas i dtaca leis an nGaeilge in OÉ, Gaillimh ach ní faoin Scéim seo é plé a dhéanamh air sin ach amháin an fhoráil a dhéantar in Acht 1929 a lua. Is éard atá san Acht chomh fada agus a bhaineann sé leis an nGaeilge ná:

Oibliogáid cainteoirí Gaedhilge do cheapa.	3. – Beidh sé de dhualgas ar Sheanad Phríomh-Scoil Náisiúnta na hÉireann, ar Chólucht Rialúcháin an Choláiste, no ar Uachtarán an Choláiste (do réir mar bheidh), le linn duine do cheapa chun aon oifige no puist sa Choláiste, duine do cheapa chun na hoifige no an phuist sin a bheidh inniúil ar dhualgaisí an chéanna do chólíona tríd an nGaedhilg: ach duine a bheidh inniúil amhlaidh agus, fós, a bheidh oiriúnach ar gach slí eile do bheith le fáil imeasc na ndaoine bheidh ina n-iarrthóirí no is féidir d'fháil ar aon tslí eile don oifig no don phost san.
--	---

### 2.1.2 *Acht na nOllscoileanna 1997*

Region (BMW), NUI, Galway plays a central role of leadership and partnership with other third-level institutions in the region, and with regional development organisations, in the context of demographic and social change. The University is committed to maximising co-operation with its partners in LÍONRA (The Regional Higher Education Network) – GMT, Letterkenny IT, Sligo IT, Dundalk IT, Athlone IT and St. Angela's College, Sligo. The University provides programmes directly and through outreach facilities and has a strong focus and a very distinguished record of achievement in adult and continuing education.

## 2.1 Legislative Background to Irish Language Usage in the University

### 2.1.1 *University College Galway Act, 1929*

The above Act has been at the centre of much debate concerning the Irish language in NUI, Galway. However, it is not the place of this Scheme to discuss this aspect of it, save to state the relevant provision in the 1929 Act. In relation to the Irish language, the Act states:

Obligation to appoint Irish speakers.	3. – It shall be the duty of the Senate of the National University of Ireland, the Governing Body of the College, or the President of the College (as the case may be), when making an appointment to any office or situation in the College, to appoint to such office or situation a person who is competent to discharge the duties thereof through the medium of the Irish language: provided a person so competent and also suitable in all other respects is to be found amongst the persons who are candidates or otherwise available for such appointment.
---------------------------------------	--

### 2.1.2 *Universities Act 1997*

Murab ionann is Acht 1929, a bhain le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh amháin, baineann Acht na nOllscoileanna, 1997 le gach Ollscoil. I measc na gcuspoírí a luaitear d’ollscoil in Alt 12 tá:

( e ) to promote the official languages of the State, with special regard to the preservation, promotion and use of the Irish language and the preservation and promotion of the distinctive cultures of Ireland,

Agus cuspoírí ollscoile á mbaint amach foráiltear in Alt 13 gur féidir le hollscoil:

( d ) may collaborate with educational, business, professional, trade union, Irish language, cultural, artistic, community and other interests, both inside and outside the State, to further the objects of the university,

Forálann Alt 18 d’fheidhmeanna údaráis rialaithe ollscoile agus déanann 18 (6) (a) tagairt don Ghaeilge go sonrach, eadhon:

( a ) have regard to the promotion and use of the Irish language as a language of general communication and promote the cultivation of the Irish language and its associated literary and cultural traditions;

Baineann Alt 31 le cairteacha agus cairteacha forlíontacha a bheith ag ollscoil sa mhéid is gur féidir le hollscoil cairt nó cairt fhorlíontach a bheith aici:

**Alt 31.** –(1) A university may have a charter, not in conflict with this Act, setting out all or any of the following:

Tagraíonn fo-alt (b) faoi Alt 31 d’úsáid agus

Unlike the 1929 Act, which was specific to National University of Ireland, Galway, the Universities Act 1997 extends to all Universities. The objectives of a university shall, according to Section 12, include:

( e ) to promote the official languages of the State, with special regard to the preservation, promotion and use of the Irish language and the preservation and promotion of the distinctive cultures of Ireland,

A university, in achieving its objectives, under Section 13:

( d ) may collaborate with educational, business, professional, trade union, Irish language, cultural, artistic, community and other interests, both inside and outside the State, to further the objects of the university,

Section 18 provides for the functions of the governing authority of a university and Section 18 (6) (a) makes specific reference to the Irish language:

( a ) have regard to the promotion and use of the Irish language as a language of general communication and promote the cultivation of the Irish language and its associated literary and cultural traditions;

Section 31 refers to charters and supplementary charters which a university may have:

**Section 31.** –(1) A university may have a charter, not in conflict with this Act, setting out all or any of the following:

Subsection (b) of Section 31 refers to the

do chur chun cinn na Gaeilge a bheith leagtha síos i gcairteacha ollscoile:

( b ) the arrangements it has for the promotion and use of the Irish language and the promotion of Irish cultures;

Sa chéad mhír eile, *Forbairt ar Dhea-Obair*, leagfar amach na céimeanna atá glactha agus atá á nglacadh ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i dtaca leis an méid atá leagtha síos sna hAchtanna seo.

## 2.2 Forbairt ar Dhea-Obair

Tá tosaíocht glactha ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le cur chun cinn na Gaeilge san Ollscoil agus lasmuigh di, idir go sóisialta agus go hacadúil, faoi mar a léirítear sa *Phlean Straitéiseach do OÉ, Gaillimh 2003-2008* agus i *bPlean Acadúil Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2003-2008*.

### 2.2.1 *Plean Straitéiseach do OÉ, Gaillimh 2003-2008*

San Achoimre Feidhmiúcháin sa Phlean Straitéiseach luaitear gurb é atá sa Phlean Straitéiseach ná "... ráiteas soiléir i leith threo straitéiseach agus aidhmeanna sonracha na hOllscoile do na cúig bliana seo romhainn." An fhís atá taobh thiar den Phlean Straitéiseach ná

"Is Ollscoil í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh atá mac léinn-lárnach agus dírithe ar dhiantaighde, Ollscoil a bhfuil stádas idirnáisiúnta aici agus ag a bhfuil idir dhámh agus fhoireann fhíordhíograiseach maidir le hardchaighdeán, agus tá an Ollscoil tiomanta go háirithe don Ghaeltacht agus do phobal na Gaeilge."

setting out in university charters of arrangements a university may make for the promotion and use of the Irish language:

( b ) the arrangements it has for the promotion and use of the Irish language and the promotion of Irish cultures;

The following section, *Continuation of Positive Actions*, discusses the steps taken and being taken by National University of Ireland, Galway in relation to the provisions of these Acts.

## 2.2 Continuation of Positive Actions

The National University of Ireland, Galway has prioritised the promotion of the Irish language, both socially and academically, within and outside the University; this is set out in the *Strategic Plan for NUI, Galway 2003-2008* and the *Academic Plan 2003-2008, National University of Ireland, Galway*.

### 2.2.1 *Strategic Plan for NUI, Galway 2003-2008*

In the Executive Summary of the Strategic Plan, it is stated that the Strategic Plan is "... a clear statement of the strategic direction and the specific aims of the University for the next five years." The vision behind the Strategic Plan is:

"National University of Ireland, Galway is a student-centred and research-intensive University of international standing, with a faculty and staff committed to excellence, and with a particular commitment to the Gaeltacht regions and the Irish language community."



I bhfianaise na físe sin, leagtar síos seacht dtosaíocht straitéiseach don Ollscoil agus baineann dhá cheann de na tiomantais sin le forbairt agus le cur chun cinn na Gaeilge.

#### **Tosaíocht Straitéiseach 5: Fócas ar dhimhinsean na Gaeilge**

Tá an bhéim sa Tosaíocht Straitéiseach seo ar bhealaí nuálacha, praiticiúla a cheapadh agus a sheachadadh chun go gcomhlíonfar, ar an tslí is fearr is féidir, ról speisialta na hOllscoile ó thaobh tacú leis an nGaeilge mar theanga bheo in ardoideachas agus i léann.

Ar na tionscnaimh shonracha atá luaite tá struchtúr nua, comhtháite – Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge – a bhunú taobh istigh den Ollscoil, chun cláir acadúla trí Ghaeilge a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, cláir a bheidh ag freastal ar riachtanais oideachais agus forbartha an phobail; tuilleadh forbartha ar ionaid Ghaeltachta na hOllscoile i nGaillimh agus i nDún na nGall; cultúr éifeachtach, dátheangach cumarsáide a bheith tugtha i gcrích ar an gcampas; agus athbhreithniú ar ionstraimí - reachtúil agus eile - na hOllscoile i gcomhthéacs chuspóirí na hOllscoile sa réimse seo. Leagann an Plean Straitéiseach síos spriocanna atá le baint amach i dtaca leis an Tosaíocht Straitéiseach laistigh de thréimhse ama an Phlean agus tá siad sin, mar aon le hábhar iomlán na Tosaíochta Straitéise sin le fáil in Aguisín 1 a ghabhann leis an Scéim seo.

#### **Tosaíocht Straitéiseach 4: An obair a dhéanaimid ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha a uasmhéadú**

Tá cáil den scoth ar OÉ, Gaillimh toisc a cuid oibre ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha chomh maith lena cúram faoi leith d'fhorbairt réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair. Leanfaidh an Ollscoil uirthi ag soláthar agus ag cothú na ceannaireachta sin trí mhéadú a chur ar a cuid clár cianoideachais, oideachais for-rochtana agus rochtana féin, chomh maith lena gníomhaíochtaí forbartha eile, agus trí atreisiú

In light of this vision, seven strategic priorities are established for the University and two of these priorities relate to the development and promotion of the Irish language.

#### **Strategic Priority 5: Focus on the Irish language dimension**

The emphasis in this Strategic Priority is on devising and delivering innovative and practical ways in which the University's special role in supporting Irish as a living language in higher education and scholarship can best be achieved.

Specific initiatives include the establishment of a new, integrated structure – Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge – within the University, to plan and implement academic programmes through Irish, responsive to the community's educational and developmental needs; the further development of the University's Gaeltacht centres in Galway and Donegal; the achievement of an effective bilingual communications culture on campus; and the review of the instruments – statutory and other – of the University in the context of the University's objectives in this area. The Strategic Plan sets out objectives to be achieved under the Strategic Priority within the time-frame of the Plan and these objectives, and the complete text of this Strategic Priority, are provided in Appendix 1 of this Scheme.

#### **Strategic Priority 4: Maximise our contribution at national and regional levels**

NUI, Galway has an outstanding record of contributing at national and regional levels as well as a particular commitment to the

a dhéanamh ar a gréasán comhpháirtíochta le hinstitiúidí tríú leibhéal eile agus gníomhaireachtaí poiblí agus forbartha sa réigiún, fearacht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Údarás na Gaeltachta, an IDA, Fhiontraíocht Éireann agus FÁS.

### **2.2.2 Plean Acadúil Ollscoil na hÉireann, Gaillimh 2003-2008**

Cuireadh an Plean Acadúil 2003–2008 le chéile tar éis próiseas mionsonraithe, leathan comhairleach laistigh d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhí baint ag na déin, riarthóirí sinsearacha agus baill de dhámha éagsúla san Ollscoil leis an bpróiseas agus d'oibrigh siad sin go dlúth le grúpa pleanála faoi stiúir an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid. Rinneadh forbairt ar an bPlean Acadúil mar chuid d'fhorbairt an Phlean Straitéisigh reatha don Ollscoil. Maidir leis na gnéithe acadúla atá luaite sa Phlean Straitéiseach, déantar mionphlé orthu sa Phlean Acadúil, agus cabhróidh cur i gcrích an Phlean Acadúil lena chinntiú go n-éireoidh le hOÉ, Gaillimh spriocanna an Phlean Straitéisigh a bhaint amach.

Ar na dúshláin acadúla is tábhachtaí atá roimh OÉ, Gaillimh aithnítear sa Phlean Acadúil:

- Aird faoi leith a thabhairt ar riachtanais chúlchríoch na hOllscoile agus ar phobal na Gaeilge agus cláir foghlama agus gníomhaíochtaí taighde á bhforbairt aici.
- Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt campais dhátheangaigh trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh mar an Diplóma sa Ghaeilge.
- Oibriú le gníomhaireachtaí éagsúla an Stáit chun cistiú a fháil chun go gcuirfeadh i bhfeidhm go hiomlán cinneadh na hOllscoile Acadamh na

development of the Border, Midlands and Western region. The University will continue to provide and renew that leadership by expanding its distance learning, educational outreach and access programmes and other developmental activity, and by reinforcing its network of partnership with the other third-level institutions and developmental agencies in the region, such as the Health Service Executive, Údarás na Gaeltachta, the IDA, Enterprise Ireland and FÁS.

### **2.2.2 Academic Plan 2003-2008, National University of Ireland, Galway**

The Academic Plan 2003–2008 has been produced following a detailed and extensive consultative process within National University of Ireland, Galway. It has involved the deans, senior administrators and members of the various faculties in the University, working closely with a planning group under the direction of the Registrar and Deputy-President. The development of the Academic Plan proceeded as part of the development of the current Strategic Plan for the University. Academic issues addressed in the Strategic Plan are discussed in detail in the Academic Plan, and the implementation of the Academic Plan will help to ensure that NUI, Galway meets the goals of its Strategic Plan.

The academic challenges facing NUI Gaway and recognised in the Academic Plan include:

- Paying particular attention to the needs of the hinterland and the Irish language community in developing programmes of learning and research activities.
- Encouragement of the development of a bilingual campus through support for initiatives such as the Diplóma sa Ghaeilge.

## hOllscolaíochta Gaeilge a bhunú.

Sonraíonn an Plean Acadúil sé Théama Tosaíochta chun treoir a thabhairt don phleanáil acadúil i rith théarma an Phlean. Arís eile tá áit lárnach ag an nGaeilge agus ag cur chun cinn na Gaeilge i dtír cinn de na téamaí sin, eadhon *Téama Tosaíochta A. Cláir Foghlama; Téama Tosaíochta E. Ceannaireacht i bhFreastal ar an bPobal* agus *Téama Tosaíochta F. Eagrúchán Acadúil agus Ceisteanna a bhaineann le Comhaltaí Foirne*.

**Téama Tosaíochta A: Cláir Foghlama:** Ceann de na haidhmeanna a shonraítear faoin Téama Tosaíochta seo ná:

### **A3: Cláir Nuálaíochta trí Mheán na Gaeilge a Fhorbairt**

Forbróidh agus soláthróidh an Ollscoil cláir nuálaíochta trí mheán na Gaeilge ag gach leibhéal, cláir a fhreastalaíonn ar riachtanais na Gaeltachta agus phobal na Gaeilge, agus a mbeidh tacaíocht acu ó struchtúir chuí acadúla, riaracháin agus acmhainní.

An réasúnaíocht atá taobh thiar den aidhm sin ná:

Cruthaíonn forbairtí a tharla le gairid sa Ghaeltacht agus i bpobal na Gaeilge deiseanna agus dúshlán chun go mairfidh an Ghaeltacht agus go bhforbróidh an Ghaeilge sa tír ina hiomláine. Áirítear orthu sin forbairtí san oideachas trí mheán na Gaeilge ag leibhéal bunskoile agus ag an dara leibhéal, an fhorbairt ar sheirbhísí craolacháin trí mheán na Gaeilge agus an fhorbairt ar dheiseanna fostaíochta tionsclaíochta agus teicneolaíochta. Agus í suite ar imeall Ghaeltacht na Gaillimhe, tá ról príomhúil ag an Ollscoil maidir le tacaíocht agus éascaíocht a

- Working with the various agencies of the State to secure funding to fully implement the recent decision of the University to establish Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

The Academic Plan sets out six Priority Themes to give direction to academic planning during the term of the Plan. Once again, the Irish language and the promotion of Irish language use is a central element of three of these six themes, namely: *Priority Theme A. Programmes of Learning; Priority Theme E. Leadership in Serving Community; and Priority Theme F. Academic Organisation and Staff Issues*.

**Priority Theme A: Programmes of Learning:** The aims stated under this Priority Theme include:

### **A3: Develop Innovative Irish-Medium Programmes**

The University will develop and deliver innovative Irish-medium programmes at all levels which meet the needs of the Gaeltacht and the Irish language community and are supported by appropriate academic, administrative and resource structures.

The reasoning on which this aim is based is stated as:

Recent developments in the Gaeltacht and the Irish language community pose opportunities and challenges for the survival of the Gaeltacht and the development of the Irish language in the country as a whole. These include developments in Irish-medium education at primary and second level, the development of Irish-medium broadcasting services and the

dhéanamh do na forbairtí sin trí ghníomhaíochtaí cuimsitheacha teagaisc agus taighde a sholáthar.

Ina theannta sin, luaitear i gCuspóir A3.1:

Struchtúir chuí a bhunú chun straitéis forbartha na hOllscoile a chur i bhfeidhm d'oidreachas trí mheán na Gaeilge, agus maoiniú a fháil don tionscnamh sin.

**Téama Tosaíochta E:** Ceannaireacht i bhFreastal ar an bPobal

Tá dhá phríomhaidhm straitéiseacha sonraithe ag an Ollscoil faoin téama seo, eadhon, *E1: Ceannaireacht Acadúil a Leathnú* agus *E2: Cur le Forbairt Phobail*. Faoin dara cuspóir, *E2*, is éard atá luaite sa Phlean Acadúil ná:

Tacóidh an Ollscoil le forbairt shóisialta, chultúir, eacnamaíoch, eolaíochta agus theicniúil an phobail ar fud na tíre ina hiomláine, trí chlár for-rochtana agus thaighde atá inrochtana a chur ar fáil agus cuirfidh sí struchtúir úrnu acadúla i bhfeidhm nuair is gá. Rachaidh an Ollscoil i mbun na hoibre sin laistigh den Ghaeltacht agus de phobal na Gaeilge go háirithe.

Is é an réasúnaíocht a aithnítear a bheith leis an gCuspóir seo ná:

Is gníomhaire tábhachtach é an Ollscoil atá ag comhlíonadh a dualgais maidir le freastal agus forbairt a dhéanamh ar an pobal ina réigiún agus go náisiúnta, agus tá cúram faoi leith uirthi

development of industrial and technological employment opportunities. In its location on the periphery of the Galway Gaeltacht, the University has a primary role in supporting and facilitating these developments by providing comprehensive teaching and research activities.

Furthermore, Objective A3.1 states:

Establish appropriate structures for implementing the University's development strategy for Irish-medium education, and obtain funding for this initiative.

**Priority Theme E:** Leadership in Serving Community

The University sets out two key strategic aims under this theme as follows: *E1: Expand Academic Leadership* and *E2: Contribute to Community Development*. Under the latter, *E2*, the Academic Plan states:

The University will contribute to the social, cultural, economic, scientific and technical development of the community throughout the country as a whole, through accessible outreach programmes and research, adopting fresh academic structures where necessary. The University will pursue these aims within the Gaeltacht and the Irish language community in particular.

The rationale behind this objective states:

maidir leis an nGaeltacht agus le pobal na Gaeilge. Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil a feidhmíocht maidir leis an bpobal a fheabhsú trí chlársholáthar nuálaíoch, rochtain fheabhsaithe do mhic léinn neamhthraidisiúnta, cláir for-rochtana, struchtúir do dhul chun

cinn acadúil, taighde agus seirbhís trí Ghaeilge, agus úsáid a bhaint as struchtúir acadúla úrnua nuair atá gá leo. Tugann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus pleananna na hOifige um Oideachas Aosach agus Leanúnach aghaidh ar na saincheistean sin. Feidhmíonn “príomhshruthú” acadúil na eirbhísí sin mar chuid dhílis d’fhócas an téama straitéisigh agus ag an am céanna, ceadaíonn sé an tsolúbthacht fhiontraíoch atá riachtanach.

Ar na cuspóirí eile faoin téama seo a léiríonn cúram na hOllscoile i leith na Gaeilge agus an áit lárnach atá ag an nGaeilge i saol na hOllscoile tá:

### **Cuspóir E2.1**

Seirbhís leathan acadúil náisiúnta Gaeilge a chur ar fáil trí chomhpháirtíocht agus saineolas acadúil, mar aon leis an mbainistíocht agus an cumas for-rochtana atá riachtanach.

### **Cuspóir E2.2**

Saineolas a bheadh ar thús cadhnaíochta go domhanda a fhorbairt maidir le pobail mhionteanga a chothú agus a fhorbairt.

### **Cuspóir E2.3**

Beartais nua a fhorbairt agus struchtúir acadúla a

The University is a significant actor discharging its duty of service and development to the Community in its region and nationally, with particular reference to the Gaeltacht and the Irish Language community. The University aims to improve its performance *vis à vis* the community through innovative programming, improved access for non-traditional students, outreach programmes, ladders of academic progression, research and Irish-language service, using fresh academic structures where necessary. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge and the plans of the Adult and Continuing Education Office address these issues. The academic “mainstreaming” of these services, while allowing the necessary entrepreneurial flexibility, forms an integral part of the focus of this strategic theme.

Other objectives under this theme which evidence the University’s commitment to the Irish language and the central role of the Irish language in University life, include:

### **Objective E2.1**

Provide a broad ranging, national Irish language academic service through partnership and academic expertise, together with the necessary management and outreach capability.

### **Objective E2.2**

Develop world-leading expertise in the support and development of minority

athbhreithniú ionas go gcuirfear leis an gcumas seirbhísí agus cláir leathnaithe oscailte, chianfhoghlama agus for-rochtana a sholáthar sa phobal go réigiúnach agus go náisiúnta, seirbhísí agus cláir ar féidir leo líon suntasach foghlaimeoirí neamhthraidisiúnta a earcú.

### **Cuspóir E2.5**

Comhtháthú a dhéanamh ar an seachadadh seirbhíse idir dámlha, ranna, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus an Oifig um Oideachas Aosach agus Leanúnach, d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do phríomhshruthú clár neamhthraidisiúnta, agus aitheantas agus luach saothair a thabhairt freisin as ucht rannpháirtíocht comhaltaí foirne i gcláir um Oideachas Aosach agus Leanúnach.

## **F. Eagrúchán Acadúil agus Ceisteanna a bhaineann le Comhaltaí Foirne**

Ceann de na haidhmeanna atá ag an Ollscoil faoin Téama seo ná:

### **F7: Tacú le Forbairt Leanúnach na Seirbhísí Tacaíochta agus Sheirbhísí na Gaeilge Labhartha**

Leanfaidh an Ollscoil uirthi ag forbairt seirbhísí tacaíochta teicniúla agus riaracháin don earnáil acadúil agus sheirbhísí na Gaeilge Labhartha.

An réasúnaíocht a bhaineann leis an gcuspóir seo ná:

Níl cuspóirí an Phlean

language communities.

### **Objective E2.3**

Develop new policies and review academic structures in order to enhance the capacity to deliver expanded open, distance and outreach services and programmes in the community regionally and nationally, which can deliver substantial recruitment of non-traditional learners.

### **Objective E2.5**

Integrate the delivery of service between faculties, departments, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge and the Office of Adult and Continuing Education, with a view to facilitating the mainstreaming of non-traditional programmes, while recognising and rewarding staff participation in Adult and Continuing Education programmes.

## **F. Academic Organisation and Staff Issues**

The aims stated by the University under this Theme include:

### **F7: Support the Continued Development of Support Services and Gaeilge Labhartha**

The University will continue to develop technical and administrative support services for academic departments and the services of Gaeilge Labhartha.

This objective is informed by the following reasoning:

Acadúil indéanta go hiomlán in éagmais seirbhísí cuí tacaíochta ar ardchaighdeán don earnáil acadúil, agus oiliúint ar chomhaltaí foirne sa Ghaeilge labhartha.

I bhfianaise an méid sin leag an Ollscoil an cuspóir seo a leanas síos:

#### **Cuspóir F7.4**

Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'fheabhsúcháin ar scileanna Gaeilge, agus d'oiliúint Ghaeilge na gcomhaltaí foirne agus na mac léinn.

Sonraítear ocht dtionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sonracha den Phlean Acadúil agus, arís eile, tá cur chun cinn na Gaeilge i measc na dtionscnamh sin, mar atá:

#### **Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a Bhunú**

Tacaíocht stáit a lorg chun na hacmhainní cuí a fháil don struchtúr ar glacadh leis le gairid chun seirbhís acadúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil don Ghaeltacht agus do phobal na Gaeilge trí chomhpháirtíocht agus for-rochtain. Oibriú le pobail áitiúla chun deiseanna a lorg le cláir a sheachadadh trí Ghaeilge.

#### **2.2.3 Pleanáil do Champas Eiseamláireach Dátheangach**

In 2003, ghlac an Ollscoil creat beartais ar mhaithe le champas eiseamláireach dátheangach a bhaint amach. Cuimsítear sa chreat beartais sin:

i Comhfhreagras oifigiúil de chuid na hOllscoile;

The objectives of this Academic Plan are not fully realisable in the absence of appropriate high-quality academic support services, and the training of staff in spoken Irish.

In this regard, the University has set down the following objective:

#### **Objective F7.4**

Continue to support improvement of Irish-language skills, and Irish-language training of staff and students.

Eight initiatives are identified to address particular aspects of the Academic Plan and feature, among other elements, the promotion of the Irish language:

#### **Establish Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**

Seek state support to properly resource the recently agreed structure for delivering a quality academic service to the Gaeltacht and Irish-Language community through partnership and outreach. Work with local communities to seek opportunities for programmes to be delivered through Irish.

#### **2.2.3 Planning for an Exemplary Bilingual Campus**

In 2003, the University adopted a framework policy for the achievement of an exemplary bilingual campus, covering:

- ii Comharthaíocht ar an gcampas;
- iii Cumarsáid ó bhéal;
- iv Oiliúint foirne sa dátheangachas;
- v Faisnéis do mhic léinn;

agus

vi Foilseacháin na hOllscoile.

## 2.2.4 An Oifig Aistriúcháin

### *Bunú*

Bunaíodh an Oifig Aistriúcháin faoin dreach atá uirthi faoi láthair i mí Lúnasa 2001 chun leanúint leis an tseirbhís aistriúcháin a bhí á soláthar idir 1999 ar aghaidh agus chun an tArd-Diplóma / M.A. i Staidéar an Aistriúcháin, a bhí ar na bacáin an t-am sin, a reáchtáil agus a chur i láthair den chéad uair. Tá ceathrar fostaithe san Oifig i láthair na huaire: Riarthóir an Aonaid agus triúr Feidhmeannaigh Aistriúcháin.

### *An tSeirbhís Aistriúcháin*

D'éirigh leis an Oifig an tSeirbhís Aistriúcháin don Ollscoil agus don earnáil tráchtála a fhorbairt agus láimhsítear thart faoi 450,000 focal in aghaidh na bliana anois, idir aistriúchán agus phrofáil. Faoi mar a tuairiscíodh roimhe seo, tá sé mar aidhm straitéiseach ag an Ollscoile campas eiseamláireach dátheangach a thabhairt i gcrích, agus baineann an-tábhacht go deo leis an tSeirbhís Aistriúcháin ó thaobh an aidhm sin a chomhlíonadh.

Cé go bhfuil caighdeán cumarsáide Gaeilge ag céatadán réasúnta ard d'fhoireann acadúil agus riaracháin na hOllscoile, is beag díobh sin a bhfuil cruinneas sách ard sa Ghaeilge scríofa acu le go mbeidís in ann ábhar teagaisc nó cáipéisíocht riaracháin trí Ghaeilge a scríobh go héifeachtach, agus bíonn na comhaltaí foirne sin i dtuilleamaí na hOifige lena ngnóthaí scríofa trí Ghaeilge a dhéanamh. Tá comhaltaí foirne eile ann nach bhfuil aon

- i Official University correspondence;
- ii Signage on campus;
- iii Oral communication;
- iv Staff training in bilingualism;
- v Student information;

and

vi University publications.

## 2.2.4 An Oifig Aistriúcháin

### *Establishment*

An Oifig Aistriúcháin, in its current make-up, was established in August 2001 to continue the translation service provided since 1999 and to administer and deliver, for the first time, the proposed Ard-Diplóma / M.A. i Staidéar an Aistriúcháin programme. The Oifig comprises four members of staff – the Unit Director and three Feidhmeannaigh Aistriúcháin.

### *The Translation Service*

The Oifig succeeded in developing a Translation Service for the University and for the commercial sector and currently deals with approx. 450,000 words per year, involving both translation and proofreading work. As already mentioned, the University aims to achieve an exemplary bilingual campus, and the Translation Service is central to the achievement of this aim.

Although a significant percentage of University academic and administrative staff have the ability to communicate through Irish, their written Irish language accuracy may not be sufficient to effectively produce teaching material and administrative documents, and therefore these members of staff rely on the Oifig for assistance with the production of written material. Other members of staff have



chumas nó mórán cumais acu sa Ghaeilge agus bíonn siadsan ag brath go hiomlán ar an Oifig chun freastal a dhéanamh ar na codanna sin dá gcuid oibre lena mbaineann seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar.

Déanann an Oifig Aistriúcháin éascaíocht, dá bhrí sin, don éileamh ar ábhar riaracháin agus teagasc scríofa i nGaeilge i measc chomhluadar na hOllscoile agus tugann sí tacaíocht láidir don chumarsáid scríofa chun cur le leibhéal ard na cumarsáide Gaeilge ó bhéal a bhaineann leis an gcampas.

Tá an chosúlacht air go dtiocfaidh méadú as cuimse ar réimse oibre na hOifige Aistriúcháin faoin Scéim seo faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla i.e. láithreáin ghréasáin de chuid na hOllscoile le haistriú go Gaeilge, foirmeacha, cáipéisí ilchineálacha, etc. Lena chois sin, is cinnte go dtiocfaidh méadú mór ar an éileamh ar ábhar teagasc a aistriú go Gaeilge de réir mar a bheidh méadú ag teacht ar na cláir léinn a bheidh á dtairiscint ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sna blianta romhainn (féach Caibidil 4 thíos). Dá bharr sin uile, is féidir bheith ag súil leis go mbeidh suas lena thrí oiread oibre idir lámha ag an tSeirbhís Aistriúcháin as seo go ceann dhá bhliain nó mar sin le hais mar atá faoi láthair. Beidh an tSeirbhís Aistriúcháin breá sásta déileáil leis an bhforbairt seo ach na hacmhainní cuí a bheith ar fáil di.

### *An Réimse Léinn*

Tá an tArd-Diplóma / M.A. i Staidéar an Aistriúcháin á sholáthar faoi scáth na hOifige i gcomhar le Scoil na Gaeilge ó 2001 i leith agus tá ag éirí thar cionn leis ó thaobh aistritheoirí gairmiúla a oiliúint do mhargadh an aistriúcháin. Mar thoradh ar éileamh ó dhaoine i bhfostaíocht lánaimseartha, cuireadh tús le cúrsa páirtaimseartha oíche in 2004 – an Diplóma sna Dána (Scileanna Aistriúcháin) – agus cláraíodh 28 mac léinn don chéad bhliain in dhá ionad – príomhchampas na hOllscoile agus Seanscoil Shailearna, Indreabhán. Tá sé i gceist ag an Oifig an clár sin a chur ar fáil i gceantair Ghaeltachta Chorca Dhuibhne agus Ghaioth Dobhair i mí Mheán Fómhair 2005.

Tá sé beartaithe ag an Oifig Léann an

little or no competency in the Irish language and rely completely on the Oifig to provide for the services which they deliver through the medium of Irish.

An Oifig Aistriúcháin, therefore, facilitates the requirement for Irish language written academic and administrative material within the University and supports written communication in order to complement the high level of oral Irish communication associated with the campus.

It is likely that the workload of An Oifig Aistriúcháin will increase significantly due to the production of this Scheme under the Official Languages Act, i.e. translation of University websites, forms, miscellaneous documents, etc. In addition, an increase is expected in the demand for the translation of teaching material as the number of courses delivered by Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge increases in the coming years (see Chapter 4 below). The consequence, therefore, is an expected threefold increase in the volume of work carried out by the Translation Service within the next two years. The Translation Service of An Oifig Aistriúcháin will be happy to accommodate this development subject to the provision of appropriate resources.

### *Academic Programmes*

The Ard-Diplóma / M.A. i Staidéar an Aistriúcháin has been delivered under the auspices of the Office in conjunction with Scoil na Gaeilge since 2001 and has succeeded in producing qualified translators for the translation market. Following requests from individuals in fulltime employment, a part-time evening course – Diplóma sna Dána (Scileanna Aistriúcháin) – commenced in 2004 with 28 students registered in two locations – the main University campus and Seanscoil Shailearna, Indreabhán – for the first year of

Aistriúcháin a chur ar fáil mar ábhar don B.A. ón mbliain 2006 ar aghaidh, rud a chiallaíonn go mbeidh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar an gcéad ollscoil sa tír a mbeidh an t-ábhar sin á sholáthar aici i gcomhair bunchéime. Lena chois sin, tá modúl in Áiseanna Téarmaíochta agus Aistriúcháin á fhorbairt ag an Oifig i láthair na huaire le cur os comhair na Dáimhe mar chuid de chlár léinn.

Rachaidh na cúrsaí léinn sin chun tairbhe fheidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla amach anseo sa mhéid is go bhfuiltear ag cur daoine ar fáil a bhfuil sainscileanna sealbhaithe acu a chuirfidh ar a gcumas cuidiú le comhlíonadh an Achta.

Tá sé i gceist ag an Oifig, freisin, an réimse léinn agus taighde lena mbíonn sí ag plé a leathnú chun réimse na Pleanála Corpais a thabhairt san áireamh. Is réimse é seo a mbeidh an-tábhacht leis sna blianta romhainn mar gheall ar an bhforbairt atá ag teacht ar réimse na foclóireachta agus na forbartha corpais.

### **2.3 Measúnú ar a mhéad atá seirbhísí cheana féin trí Ghaeilge ar fáil**

Is é príomhaidhm an Achta a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil níos fairsinge trí Ghaeilge agus go mbeidh caighdeán níos airde ag baint leo. Maidir leis sin, soláthraíonn an Ollscoil cuid mhór seirbhísí cheana féin trí Ghaeilge nó go dátheangach ach d'fhonn léargas níos mine a fháil air seo rinneadh suirbhé ar gach Roinn/Aonad/Oifig riaracháin agus acadúil san Ollscoil ag tús na bliana 2005.

Nuair a rinneadh anailís ar thorthaí an tsuirbhé, chonacthas don Ollscoil go bhfuil ag éirí go maith léi cheana féin seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge sna príomhréimsí agus léiríodh freisin na réimsí dá gcaitear pleanáil a dhéanamh chun an soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú.

the course. An Oifig Aistriúcháin intends to offer this course in the Gaeltacht areas of Corca Dhuibhne and Gaoth Dobhair in September 2005.

The Office proposes to offer Léann an Aistriúcháin (Translation Studies) as a B.A. degree subject from 2006. This will mean that National University of Ireland, Galway will be the first university in Ireland to provide a translation studies course at undergraduate level. In addition, the Office is developing a module in Áiseanna Téarmaíochta agus Aistriúcháin at present for Faculty approval.

These courses will facilitate the future implementation of the Official Languages Act by virtue of the fact that individuals are taught skills which will facilitate compliance with the Act.

The Office intends, also, to expand its research and teaching activities to include Corpus Planning. This area will be of great significance in the coming years given the developments in lexicography and corpus development.

### **2.3 Assessment of the extent to which services are already available through Irish**

The primary objective of the Act is to ensure better availability and a higher standard of public services through Irish. In this regard, the University already provides services through the medium of Irish or bilingually to a substantial extent. In order to evaluate the extent of this, a survey was conducted in every academic and administrative Department/Unit/Office in the University in early 2005.

An analysis of the survey revealed that the

## 2.4

### Custaiméirí agus Cliaint

Tá idir chustaiméirí inmheánacha (mic léinn na hOllscoile) agus chustaiméirí seachtracha (an pobal níos leithne) i measc chliant na hOllscoile. Áirítear orthu seo pobal na Gaeltachta agus pobal labhartha na Gaeilge agus faoi mar a luadh roimhe seo is é cuspóir na hOllscoile seo freastal ar an nGaeltacht agus ar phobal na Gaeilge agus campas eiseamláireach dátheangach a chruthú.

Tá dhá phríomhréimse ina bhfreastalaíonn an Ollscoil ar na custaiméirí/cliaint seo, mar atá, riarachán agus léann. Tá cúram na hOllscoile i leith na Gaeilge sa dá réimse sin le brath go láidir ó na cáipéisí ar fad atá luaite go dtí seo agus is féidir a fheiceáil go soiléir go bhfuil céimeanna glactha agus á nglacadh ag an Ollscoil chun an freastal is fearr is féidir a dhéanamh ar an nGaeltacht agus ar phobal na Gaeilge. Pléifear an taobh acadúil níos faide amach sa Scéim seo ach díreofar ar dtús ar na ranna riaracháin, a mbíonn go leor teagmhála acu le custaiméirí/cliaint na hOllscoile, idir inmheánach agus sheachtrach. Is mar seo a leanas a bheidh seirbhísí ar fáil ó oifigí/aonaid riaracháin Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:

University is succeeding in providing services through the medium of Irish in key areas and those areas which require further planning to improve Irish language service provision were highlighted.

## 2.4

### Customers and Clients

The University has both internal (university students) and external (the general public) clients. This includes the Gaeltacht and Irish speaking community and as already stated it is the objective of this University to serve the Gaeltacht and the Irish-speaking community and to create an exemplary bilingual campus.

The University attends to both the administrative and academic needs of its customers/clients. The University's commitment to both is evident from the documents discussed heretofore and it is also evident that the University has taken and is taking measures to serve to the best of its ability the Gaeltacht and the Irish-speaking community. The academic aspect will be discussed later in this Scheme while we now focus on the administrative departments, as these have a high level of contact with both internal and external customers/clients of the University. Services provided by administrative offices/units in the National University of Ireland, Galway will be as follows:

<b>A. Seirbhísí trí Ghaeilge amháin</b>	<b>A. Services through the medium of Irish only</b>
---	---

Oifig/Aonad	Office/Unit
Áras na Gaeilge	Áras na Gaeilge
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ionaid Ghaeltachta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	Ionaid Ghaeltachta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

<b>B. Seirbhísí trí Ghaeilge agus trí Bhéarla</b>	<b>B. Services through the medium of Irish and English</b>
---	--

Oifig/Aonad	Seirbhís	Office/Unit	Service
Oifig an Uachtaráin	An tseirbhís le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	President's Office	Service available through Irish and through English.
An Malartán	An tseirbhís le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b> (Féach 3.1.1, Cuspóir (ii))	Switchboard	Service available through Irish and through English. (Refer to 3.1.1, Objective (ii))
Seirbhís Fáiltithe na hOllscoile	An tseirbhís le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	University reception Service	Service available through Irish and through English.
Oifig (Príomh-Oifig) an Rúnaí	An tseirbhís le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	(Central) Office of the Secretary	Service available through Irish and through English.
Oifig (Príomh-Oifig) an Rúnaí um Ghnóthaí Acadúla	An tseirbhís le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	(Central) Office of the Secretary for Academic Affairs	Service available through Irish and through English.
Oifig (Príomh-Oifig) na Seirbhísí do Mhic Léinn	An tseirbhís le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	(Central) Student Services Office	Service available through Irish and through English.
An Oifig Acmhainní Daonna	An tseirbhís fáiltithe le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	Human Resources Office	Reception service available through Irish and through English.
An Oifig Iontrála	An tseirbhís fáiltithe le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	Admissions Office	Reception service available through Irish and through English.
Oifig na bhFoirgneamh	An tseirbhís ón Rannóg Bainistíochta Saoráidí le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	Buildings Office	Service from the Office of the Facilities Management Section available through Irish and through English
Oifig an Sparánaí	Oifig (Príomh-Oifig) an Sparánaí; An Oifig Phárolla; Oifig an Stiúrthóra um Chuntasaíocht Airgeadais; Oifig na nÍocaíochtaí - an tseirbhís le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.</b>	Bursar's Office	(Central) Bursar's Office; Payroll Office; Office of the Director of Financial Accounting; Payments Office - service available through Irish and through English.

<p>An Oifig Preasa agus Faisnéise / Áras Fáilte</p>	<p>An Oifig Preasa agus Faisnéise a bheith in ann déileáil le fiosruithe ó na meáin agus ón bpobal maidir le gnóthaí corparáideacha na hOllscoile <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla</b>, preasráitis a eisiúint i <b>nGaeilge agus i mBéarla</b> i dtaca leis na gnóthaí sin agus bheith ar fáil chun agallaimh <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla</b> a dhéanamh leis na meáin chumarsáide faoi na gnóthaí sin. (Féach 3.1.4, Cuspóir (v))</p>	<p>Press and Information Office / Áras Fáilte</p>	<p>The Press and Information Office to deal with inquiries concerning University corporate affairs from the media and the public <b>through Irish and through English</b>, to issue press releases <b>through Irish and through English</b> regarding such affairs, and to be available for interviews <b>through Irish and through English</b> with the media concerning such affairs. (Refer to 3.1.4, Objective (vi))</p>
<p>Leabharlann Shéamais Uí Argadáin</p>	<p>Seirbhísí Oifig an Leabharlannaí le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla</b>. An tseirbhís ón Deasc Cúrsaíochta le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla</b>. An tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise do Dhámh na nDán agus Dámh an Léinn Cheiltigh le fáil <b>trí Ghaeilge agus trí Bhéarla</b>.</p>	<p>James Hardiman Library</p>	<p>Services of the Librarian's Office available <b>through Irish and through English</b>. The service from the Circulation Desk available <b>through Irish and through English</b>. The Information Support Service for the Faculties of Arts and of Celtic Studies available <b>through Irish and through English</b>.</p>

### C. Seirbhísí trí Bhéarla amháin

Maidir le seirbhísí eile riaracháin nach n-ainmnítear thuas, ní féidir a dheimhniú faoi láthair go mbeidh seirbhís ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla i ngach cás. Cuideoidh an Ollscoil, le linn thréimhse na Scéime seo, leis na hoifigí/aonaid sin chun Plean Gaeilge a chur le chéile d'fhonn aghaidh a thabhairt ar sholáthar na seirbhísí sin trí mheán na Gaeilge. Tá sé i gceist go bhfeidhmeoidh na hoifigí/aonaid sin le himeacht aimsire mar chuid de Champas Eiseamláireach Dátheangach na hOllscoile agus glacfar isteach sna Scéimeanna a aontófar amach anseo iad de réir mar a bheidh soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge forbartha acu.

### C. Services through the medium of English only

It cannot be guaranteed at this stage that service will be available in Irish and English from services other than those named above. The University will, during the period of this Scheme, facilitate those offices/units in the formulation of an Irish Language Plan to address their service provision through the medium of Irish. It is envisaged that over the course of time such offices/units will become an integral part of the University's Exemplary Bilingual Campus Strategy and will be incorporated into future Schemes as they develop their Irish language service provision.

Déanfar foráil sa phróiseas earcaíochta chun líon na gcomhaltaí foirne atá inniúil sa Ghaeilge a mhéadú agus cuirfear cúrsaí ar fáil, faoi choimirce Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, i labhairt agus i scríobh na Gaeilge don fhoireann. Léiríonn an tábla thíos líon na gcomhaltaí foirne atá á gcumasú féin sa Ghaeilge gach bliain le ceithre bliana anuas.

**Comhaltaí Foirne na hOllscoile ag déanamh Cúrsaí Gaeilge**

Provision will be made in the recruitment process to increase the number of staff members competent in the Irish language and written and spoken Irish language courses will be provided under the auspices of Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge for staff members. The table below shows the number of staff members engaged in Irish language courses in each of the last four years.

**University Staff engaged in Irish Language Courses**

2000/2001	2001/2002	2002/2003	2003/2004
101	149	169	168

**Cuspóir (i): Oiliúint Ghaeilge don Fhoireann**

Beifear ag leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís seo a chur ar fáil don fhoireann i rith thréimhse na Scéime agus tabharfar spreagadh don fhoireann a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú.

**Objective (i): Irish language training for Staff**

The University will continue to provide this service for staff during the Scheme and staff will be encouraged to improve their competency in Irish.

### **Caibidil 3 Soláthar Sheirbhísí / Ghníomhaíochtaí Riaracháin na hOllscoile**

Leagann an Chaibidil seo amach an beartas oifigiúil teanga atá á feidhmiú ag an Ollscoil i ndáil lena soláthar ginearálta seirbhísí agus sonraítear cuspóir d'fheabhsú an tsoláthair sin i dtaca le gach ceann acu faoi réir na Scéime Teanga seo.

Na gealltanais atá glactha ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le caighdeán na seirbhísí a bheidh á soláthar don phobal, cuirfear i bhfeidhm iad i leith na seirbhísí sin, cibé an trí Ghaeilge nó trí Bhéarla a bheidh na seirbhísí sin á soláthar.

#### **3.1 Bealaí Cumarsáide leis an bPobal / Eolas don Phobal**

##### **3.1.1 An Chéad Phointe Teagmhála**

Is é an chéad phointe teagmhála d'fhorhmór na ndaoine a dhéanann teagmháil leis an Ollscoil ná Malartán na hOllscoile.

##### **Cuspóir (ii): Malartán na hOllscoile**

Cinnteoideh an Ollscoil go mbeidh an teachtaireacht réamthaiifeadta, a chuireann fáilte roimh ghlaiteoirí, dátheangach agus an Ghaeilge chun tosaigh ar an mBéarla. Más duine a fhreagraíonn an glao ar Mhalartán na hOllscoile, beannófar don ghlaiteoir sin i nGaeilge ar dtús agus i mBéarla ina dhiaidh sin. Leanfar ar aghaidh leis an gcomhrá ansin sa teanga is rogha leis an té a rinne an glaoch.

##### **3.1.2 Comhfhreagras Oifigiúil Ollscoile**

##### **Cuspóir (iii): Freagraí ar Chomhfhreagras**

Agus an Ollscoil ag tabhairt freagra ar chomhfhreagras, tabharfaidh sí faoi fhreagra a thabhairt i gcibé ceann den dá theanga oifigiúla a d'úsáid an comhfhreagraí. Déanfar é seo i gcomhar leis an Oifig Aistriúcháin, más cuí.

##### **Cuspóir (iv): Comhfhreagras a Thionscnamh**

### **Chapter 3 Provision of University Administrative Services / Activities**

This Chapter sets out the official language policy operated by the University in relation to general provision of services and identifies an objective for the improvement of such provision for each service under this Language Scheme.

The service standards commitments adopted by National University of Ireland, Galway in relation to delivery of services to the public shall apply to those services, whether delivered in the Irish language or in the English language.

#### **3.1 Means of Communication with the Public / Information for the Public**

##### **3.1.1 The First Point of Contact**

The University Switchboard is the first point of contact for the majority of those who contact the University.

##### **Objective (ii): The University Switchboard**

The University will ensure that the pre-recorded message welcoming callers will be bilingual, with Irish first and then English. If the call to the University Switchboard is answered by a person, the caller will be greeted in Irish and then in English. The conversation will then continue in the caller's preferred language.

##### **3.1.2 Official University Correspondence**

##### **Objective (iii): Replying to correspondence**

In responding to correspondence, the University will use the same official language as used by the correspondent. This will be done with the assistance of An Oifig Aistriúcháin as necessary.

Agus an Ollscoil ag cur tús le comhfhreagras oifigiúil, bainfidh sí úsáid as an nGaeilge de réir mar is cuí.

### **3.1.3 Teagmháil leis na Meáin Chumarsáide**

#### **Preasráitis**

Faoi láthair cuirtear preasráitis áirithe de chuid na hOllscoile (preasráitis chorparáideacha, preasráitis nach mbíonn de dhíth go pras, etc.) ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. I gcás preasráiteas a eisítear do na meáin chumarsáide Ghaeilge amháin, is i nGaeilge amháin a eisítear iad sin.

#### **Cuspóir (v): Preasráitis**

I dtaca le preasráitis a eiseoidh an Ollscoil, eiseofar gach preasráiteas i dtaca le gnóthaí corparáideacha go dátheangach.

#### **Teagmháil ó Bhéal**

#### **Cuspóir (vi): Urlabhraithe Ollscoile**

Maidir le hagallaimh do na meáin chumarsáide Ghaeilge, cuirfear painéal le chéile de chainteoirí Gaeilge a bheidh ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin sin. Déanfar gach iarracht cur leis an bpainéal sin ó am go chéile.

### **3.1.4 Foirmeacha iarratais / clárúcháin**

#### **Cuspóir (vii): Foirmeacha iarratais / clárúcháin**

Cuirfear foirmeacha iarratais/clárúcháin le haghaidh cláir léinn ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach laistigh d'aon chlúdach amháin.

### **3.1.5 Láithreán Gréasáin na hOllscoile**

Is dual do láithreáin ghréasáin an-chuid faisnéise a bheith le fáil orthu lena n-áirítear cóipeanna de cháipéisí éagsúla éagraíochtúla ó threoirlínte go tuarascálacha bliantúla srl. Ina theannta sin, bíonn faisnéis ar láithreáin ghréasáin nach n-athraíonn go minic, faisnéis statach, agus faisnéis a bhíonn ag

#### **Objective (iv): Initiation of Correspondence**

In initiating official correspondence, the University will use the Irish language as appropriate.

### **3.1.3 Contact with the Media**

#### **Press Releases**

Currently certain University press releases (corporate press releases, non-urgent press releases, etc.) are made available in Irish and English. Press releases issued to Irish language media only are issued in Irish only.

#### **Objective (v): Press Releases**

In relation to University press releases, every corporate affairs press release will be issued bilingually.

#### **Oral Communication**

#### **Objective (vi): University Spokespersons**

With regard to interviews given to Irish language media, a panel of Irish speakers will be formed who will be available for interview with the Irish language media. Every effort will be made to expand the panel on a continuous basis.

### **3.1.4 Application / registration forms**

#### **Objective (vii): Application / registration forms**

Application/registration forms in relation to academic programmes will be made available in Irish only or bilingually within the same cover.

### **3.1.5 University Website**

Websites by their nature contain a lot of



athrú de shíor fearacht faisnéis nuachta, faisnéis chothrom le dáta srl. Ní haon eisceacht láithreán gréasáin na hOllscoile ina leith sin agus, chomh maith leis sin, d'fhéadfaí a rá go bhfuil dhá chuid ag baint le láithreán gréasáin na hOllscoile, mar atá, (i) Dámha agus Ranna agus (ii) Riarachán agus Seirbhísí. De bhrí gurb é an taobh riaracháin agus seirbhísí is mó a bhíonn ag déileáil leis an bpobal agus a chuireann faisnéis ar fáil don phobal, luíonn sé le ciall go ndíreofaí ar an taobh sin den láithreán gréasáin a chur ar fáil go dátheangach mar bheart tosaigh.

#### **Cuspóir (viii): Láithreán Gréasáin OÉ, Gaillimh**

Cuirfear leathanaigh Ghréasáin Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Oifig an Uachtaráin, na hOifige Acmhainní Daonna, Oifig an Mheabhránaí agus Oifig an Rúnaí ar fáil go dátheangach laistigh de thréimhse na Scéime seo.

Beidh rogha ag an úsáideoir athrú ó Ghaeilge go Béarla ar leathanaigh Ghréasáin na ranna atá luaite thuas.

Ní chumhdaíonn an soláthar seo cáipéisí in-íoslódála (tuarascálacha, treoirínte, beartais, nósanna imeachta, etc.), a mbeadh teacht orthu ó na leathanaigh Ghréasáin sin, i ngach cás.

Maidir le húsáideoirí a bheidh ag seoladh trí leathanach baile corparáideach na hOllscoile ([www.oegaillimh.ie](http://www.oegaillimh.ie)), cuirfear seoladh trí Ghaeilge ar fáil dóibh maille le leaganacha Gaeilge de na leathanaigh a bheidh le fáil díreach i ndiaidh an leathanaigh bhaile sin.

#### **3.1.6 Faisnéis do mhic léinn**

De réir an bheartais atá luaite faoi 2.2 thuas, cuirfear an fhaisnéis seo a leanas do mhic léinn na hOllscoile ar fáil go dátheangach san fhoirm phriontáilte agus leictreonach araon.

#### **Cuspóir (ix): Faisnéis do Mhic Léinn ar fáil go Dátheangach**

- Cártaí aitheantais;
- Fógraí ginearálta a bhaineann le scrúduithe agus clárúchán;

information, including copies of various organisational documents from guidelines to annual reports etc. In addition, websites contain information which does not change on a regular basis, static information, and information which changes continuously such as news, up-to-date information etc. The University website is no exception in this regard. The University website may be divided in two, namely (i) *Faculties and Departments* and (ii) *Administration and Services*. Given that it is the administrative and services aspect of the University which mostly deals with and provides information to the public, it stands to reason that this aspect of the website should be made available in bilingual format as an initial step.

#### **Objective (viii): NUI, Galway Website**

The Web pages of Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, President's Office, Human Resources Office, Registrar's Office and Secretary's Office will be made available in bilingual form within the lifetime of this scheme.

The versions of these Web pages in each official language will offer the user the option of switching into the other official language.

This provision does not extend to downloadable documents accessible from these Web pages (reports, guidelines, policies, procedures etc.) in all cases.

Users navigating the Irish language version of the University's corporate homepage ([www.oegaillimh.ie](http://www.oegaillimh.ie)) will be presented with Irish Language navigation, and will be presented with Irish language versions of immediately subsequent pages.

#### **3.1.6 Student Information**

In accordance with the policy cited under 2.2 above, the following information will be made available to University students in bilingual format, both in print and electronically.

#### **Objective (ix): Bilingual Availability of**

- Fógraí, éilimh agus admhálacha a bhaineann le táillí;
- Fógraí maidir le himeachtaí corparáideacha de chuid na hOllscoile.

### **3.1.7 Foilseacháin de chuid OÉ, Gaillimh**

#### **Cuspóir (x): Foilseacháin de chuid OÉ, Gaillimh**

Laistigh de théarma na Scéime seo cuirfear na foilseacháin seo a leanas ar fáil go dátheangach laistigh d'aon chlúdach amháin.

- Plean Straitéiseach na hOllscoile, lena n-áirítear Plean Acadúil na hOllscoile;
- Tuarascáil an Uachtaráin;
- Réamheolaire Iontrála na hOllscoile;
- Cuntais Bhliantúla;
- Lámhleabhar Faisnéise/Réamhléiritheach do Mhic Léinn.

### **3.1.8 Comharthaí ar an gCampas**

#### **Cuspóir (xi): Comharthaí ar Champas OÉ, Gaillimh**

Beidh an chomharthaíocht ar fud champas na hOllscoile i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus Béarla.

### **3.1.9 Folúntais a Fhógairt**

#### **Cuspóir (xii): Folúntais a Fhógairt**

Leanfar ar aghaidh le cleachtas reatha na hOllscoile maidir le folúntais a fhógairt go dátheangach.

## **3.2 Teicneolaíocht Faisnéise**

Ó am go chéile tugann an Ollscoil faoi thionscaddail chun córais ríomhaireachta nua nó

## **Information for Students**

- Identity Cards;
- General examination and registration notices;
- Notices, demands and receipts regarding fees;
- Notices regarding corporate University events.

### **3.1.7 NUI, Galway Publications**

#### **Objective (xi): NUI, Galway Publications**

Within the timeframe of this Scheme the following publications will be made available in bilingual format within the one cover.

- University's Strategic Plan, including the Academic Plan;
- President's Report;
- University Prospectus;
- Annual Accounts;
- Information/Introductory Handbook for Students.

### **3.1.8 On-Campus Signage**

#### **Objective (xi): NUI, Galway On-Campus Signage**

Signage throughout the campus will be in displayed in Irish only or in Irish and English.

### **3.1.9 Advertising of Vacancies**

#### **Objective (xii): Advertising of Vacancies**

The current University practice of advertising vacancies bilingually, as appropriate, will continue.

ionaid a thabhairt isteach. Leagfaidh ráitis i dtaca le riachtanais na gcóras sin amach na réimsí sin den chóras beartaithe a mbeidh gá le seirbhís trí Ghailge a sholáthar iontu. Déanfar na riachtanais sin a phlé le soláthóirí poitéinsiúla na gcóras sin.

Ach córas a bheith roghnaithe cuirfear plean le chéile chun an córas sin a chur i bhfeidhm. Áireofar ar an bplean sin mír a mhíneoidh an chaoi a rachfar i ngleic leis na riachtanais a bhaineann leis an tseirbhís a chur ar fáil trí Ghailge.

Tabharfaidh an Ollscoil an deis do gach ball foirne @oegaillimh nó @nuigalway a úsáid mar sheoladh ríomhphoist.

### 3.3 Ionaid Ghaeltachta

#### **Ionaid Ghaeltachta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**

Tá campas seachtrach ag an Ollscoil i dtír cheantar Gaeltachta, eadhon, Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe; Áras Shorcha Ní Ghuairim, Carna, Co. na Gaillimhe; agus Ionad na hOllscoile, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall. Maidir leis na hIonaid sin, cuirfidh an Ollscoil na cuspóirí seo a leanas i bhfeidhm:

#### **Cuspóir (xiii): Ionaid Ghaeltachta an Acadaimh – Teanga**

Is í an Ghailge a bheidh mar ghnáth-theanga oibre, riaracháin agus chumarsáide sna hionaid a fheidhmíonn an tAcadamh sa Ghaeltacht.

#### **Cuspóir (xiv): Ionaid Ghaeltachta an Acadaimh – Fógraíocht/Comharthaí**

Is i nGailge amháin a bheidh gach fógra/comhartha sna hionaid a fheidhmíonn an tAcadamh sa Ghaeltacht.

#### **Cuspóir (xv): Ionaid Ghaeltachta an Acadaimh – Foilseacháin**

Beidh gach foilseachán a bhaineann leis na

### 3.2 Information Technology

From time to time the University conducts projects to introduce new or replacement computer systems. Requirements statements for such systems will document those areas of the proposed system where the provision of service through the Irish language is relevant. These requirements will be discussed with prospective providers of such systems.

Once a system has been selected a plan will be prepared for bringing the system into service. This plan will include a section explaining how the requirements relevant to the provision of service through the Irish language are to be addressed.

The University will allow members of staff the option of using @oegaillimh or @nuigalway as their email address.

### 3.3 Ionaid Ghaeltachta

#### **Ionaid Ghaeltachta under the auspices of Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**

The University has external campuses in three Gaeltacht areas: Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua, Co. Galway; Áras Shorcha Ní Ghuairim, Carna, Co. Galway; and Ionad na hOllscoile, Gaoth Dobhair, Co. Donegal. The University will implement the following objectives in these Ionaid:

#### **Objective (xiii): Ionaid Ghaeltachta under the auspices of An tAcadamh – Language**

The Irish language will be the default working, administrative and communicative language in centres operated by An tAcadamh in the Gaeltacht.

#### **Objective (xiv): Ionaid Ghaeltachta under the auspices of An tAcadamh – Notices/Signage**

All notices/signage in centres operated by the An tAcadamh in the Gaeltacht areas will be in Irish only.

hIonaid Ghaeltachta i nGaeilge amháin nó go dátheangach.

**Cuspóir (xvi): Ionaid Ghaeltachta an Acadaimh – Cruinnithe Poiblí**

Maidir le cruinnithe poiblí a reáchtálfar in Ionaid Ghaeltachta an Acadaimh, nó cruinnithe a eagraíonn an tAcadamh féin in áiteanna eile sa Ghaeltacht, is í an Ghaeilge a bheidh mar theanga oibre agus cuirfear seirbhísí teangaireachta ar fáil de réir mar is cuí.

**3.4 Logainmneacha Gaeltachta**

**Cuspóir (xvii): Logainmneacha Gaeltachta**

Is é an leagan oifigiúil Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta a úsáidfidh an Ollscoil i gcónaí. Feidhmeoidh an Oifig Aistriúcháin mar fhoinsé do na leaganacha oifigiúla sin agus cuirfidh an Oifig comhairle ar fáil faoi úsáid na logainmneacha sin.

**Objective (xv): Ionaid Ghaeltachta under the auspices of An tAcadamh – Publications**

All publications relating to centres in the Gaeltacht will be in Irish only or bilingual.

**Objective (xvi): Ionaid Ghaeltachta under the auspices of An tAcadamh – Public Meetings**

With regard to public meetings held in Ionaid Ghaeltachta of An tAcadamh, or meetings organised by An tAcadamh in other Gaeltacht venues, the working language of such meetings will be the Irish language and interpretation services will be provided as appropriate.

**3.4 Gaeltacht Place names**

**Objective (xvii): Gaeltacht Place names**

Only the official Irish language version of Gaeltacht place names will be used by the University. An Oifig Aistriúcháin will act as a source for these official versions and will provide advice regarding the use of such placenames.

## Caibidil 4 Cúrsaí Léinn trí mheán na Gaeilge

### 4.1 Teagasc trí Ghaeilge

Tá traidisiún láidir ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i bhforbairt agus i seachadadh cúrsaí ollscoile trí mheán na Gaeilge ó dheireadh 1920idí ar aghaidh. Eascraíonn sé seo as an dualgas reáchtúil atá ar an Ollscoil, faoi Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929 agus as ceantar láidir Gaeltachta a bheith suite ar thairseach na hOllscoile. Ina theannta sin, is cuid dár dtraidisiún é go dtagann líon mór de bhunadh cheantair Ghaeltachta na tíre chuig an Ollscoil seo.

Tá clár léinn á gcur ar fáil trí Ghaeilge ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, ag Scoil na Gaeilge agus ranna acadúla áirithe eile de chuid na hOllscoile. Cuirfear leis na clár léinn sin réir mar a bheidh acmhainní ar fáil.

### 4.2 Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Faoi mar a léirítear i dTosaíocht Straitéiseach 5 de chuid Phlean Straitéiseach na hOllscoile ag 2.2 thuas "Ar na tionscnaimh shonracha atá luaite tá struchtúr nua, comhtháite – Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge – a bhunú taobh istigh den Ollscoil, chun clár acadúla trí Ghaeilge a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, clár a bheidh ag freastal ar riachtanais oideachais agus forbartha an phobail..."

Tá an tAcadamh ar a bhonnaibh anois agus luann cáipéis chorparáideach an Acadaimh a mhisean agus a chuspóir mar seo a leanas:

#### 1. MISEAN

Trí ghníomhaíochtaí acadúla agus taighde ollscoile, ceannródaíocht a spreagadh agus a léiriú i measc pobal Gaeilge, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, a chuirfidh le forbairt shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus teanga na bpobal sin agus phobal na tíre trí chéile.

#### 2. CUSPÓIR:

Forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar chúrsaí, ar thaighde, ar sheirbhísí

## Chapter 4 Studies through the medium of Irish

### 4.1 Teaching through Irish

National University of Ireland, Galway has, since the late 1920s, a strong tradition of the development and delivery of university courses through the medium of Irish. This stems from the statutory obligation placed on the University by the University College Galway Act, 1929, and from the fact that the University is situated close to a strong Gaeltacht area. In addition, there is a long tradition of students from the country's Gaeltacht areas attending this University.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Scoil na Gaeilge and certain other academic departments provide a range of courses through the medium of Irish. The range and number of these programmes will be expanded as resources become available.

### 4.2 Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

As set out in Strategic Priority 5 of the University Strategic Plan at 2.2 above "Specific initiatives include the establishment of a new, integrated structure – Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge – within the University, to plan and implement academic programmes through Irish, responsive to the community's educational and developmental needs..."

An tAcadamh has now been established and the Acadamh's document of incorporation states that its mission and objective are as follows:

#### 1. MISSION

Through means of academic activities and university research, to promote and exhibit innovation among the Irish language community, within the Gaeltacht areas and outside those areas. This innovation will enhance the social, cultural, economic and language development of those communities and of people of Ireland in general.

#### 2. OBJECTIVE:

The sustainable development of university courses, research,

agus ar ghníomhaíochtaí ollscoile eile trí mheán na Gaeilge agus iad a sheachadadh agus a riaradh.

I measc phríomhréimsí taighde an Acadaimh tá:

- An Ghaeilge Fheidhmeach
- Cumarsáid na Gaeilge
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Staidéar an Aistriúcháin
- Oideachas
- Drámaíocht
- An Phleanáil Teanga

Tá clár leathan forbartha cúrsaí léinn curtha i dtoll a chéile ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag eascairt as réimsí sainiúla taighde na 55 comhalta foirne atá ag an Acadamh agus as éilimh phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ar chúrsaí trí mheán na Gaeilge.

Tá an tAcadamh ag scrúdú na bhféidearthachtaí a bhaineann le méadú a chur ar líon na gclár atá ar fáil trí Ghaeilge ag leibhéal céime agus iarchéime.

services and university activities through the medium of Irish and their delivery and administration.

Key research areas of An tAcadamh include:

- Applied Irish
- Irish Language Communications
- Information Technology
- Translation Studies
- Education
- Drama
- Language Planning

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge has developed a broad programme of studies based on specific areas of study being pursued by its 55 members of staff and on the demand from the Gaeltacht and Irish language community for courses through the medium of Irish.

An tAcadamh is exploring the possibilities of increasing the provision of courses provided through Irish at degree and postgraduate level.

**Caibidil 5      Faireachán agus Athbhreithniú**

Bord na Gaeilge i gcomhar le Foireann Bhainistíochta na hOllscoile a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i ngníomh na Scéime seo agus as athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

**Chapter 5      Monitoring and Review**

Bord na Gaeilge, in conjunction with the University Management Team, will be responsible for monitoring the implementation of this Scheme and for its review.

## Caibidil 6 Poiblíocht ar an Scéim

Déanfar poiblíocht ar an Scéim seo ar na slite seo a leanas:

- Preasráitis;
- Seoladh Oifigiúil na Scéime;
- Fógraíocht;
- Scaipeadh chuig na gníomhaireachtaí cúí;
- Láithreán Gréasáin na hOllscoile.

## Chapter 6 Publicising the Scheme

This Scheme will be publicised to the general public by means of:

- Press releases;
- Official Launch of the Scheme;
- Advertisement;
- Circulation to appropriate agencies;
- University's Web Site.



**Aguisín 1 / Appendix 1**


**Tosaíocht Straitéiseach 5 den Phlean Straitéiseach  
Strategic Plan: Strategic Priority 5**

## Tosaíocht Straitéiseach 5

Struchtúir agus Cur Chuige Nua a Fhorbairt chun Tacú le Forbairt Inmharthana an Teagaisc agus Gníomhaíochtaí Taighde trí Ghaeilge

## Strategic Priority 5

Develop New Structures and Approaches to Support the Sustainable Development of Irish-medium Teaching and Research Activities



43

Plean Straitéiseach do OÉ Gaillimh | Strategic Plan for NUI Galway | 2003-2008

## Tosaíocht Straitéiseach 5

### Struchtúir agus Cur Chuige Nua a Fhorbairt chun Tacú le Forbairt Inmharthana an Teagaisc agus Gníomhaíochtaí Taighde trí Ghaeilge

Cruthaíonn forbairtí a rinneadh le gairid sa Ghaeltacht agus i bpobal na Gaeilge deiseanna agus dúshlán chun go mairfidh an Ghaeltacht agus go bhforbróidh an Ghaeilge sa tír ina hiomláine. Áirítear orthu sin forbairtí san oideachas trí mheán na Gaeilge ag leibhéal bunscóile agus ag an dara leibhéal, an fhorbairt ar sheirbhísí craoltóireachta trí mheán na Gaeilge agus an fhorbairt ar dheiseanna fostaíochta tionsclaíoch agus teicneolaíoch. Tá an Ollscoil tiomanta le fada an lá do chlár acadúla a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Ciallaíonn oibleagáid reachtúil na hOllscoile faoi Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929, maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga oibre san Ollscoil agus suíomh na hOllscoile ar imeall an phobail Ghaeltachta is mó agus is láidre, go bhfuil ról príomha ag an Ollscoil tacú leis na forbairtí sin agus éascaíocht a dhéanamh dóibh. As sin tháinig réimse cleachtas

agus tionscnamh chun tacú le forbairt na Gaeilge san Ollscoil agus i sochaí na hÉireann ina hiomláine. Áirítear orthu sin cúrsaí dioplóma, céime agus iarchéime a sholáthar trí mheán na Gaeilge, forbairt ar ionaid oideachais sa Ghaeltacht agus tacaíocht d'fhorbairt champais dhátheangaigh eiseamláraigh. Cuirtear na gníomhartha atá molta maidir leis an tosaíocht straitéiseach sin i láthair faoi thrí cheannteideal leathana:

- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Struchtúrach)
- Teagasc trí Ghaeilge (sainiúil)
- Forbairt ar champas dátheangach (uileghabhálach)

#### 5.1 Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Sa bhliain 2000, rinne an Ollscoil athbhreithniú mór ar a cuid gníomhaíochtaí sa réimse seo. Ba é a thoradh sin go ndearnadh plean straitéiseach nua a ullmhú d'fhorbairt na hOllscolaíochta trí Ghaeilge, plean a cuireadh faoi bhráid an Rialtais. Is é an aidhm atá ann ná an earmail sin a fhorbairt ar bhealach fócasaithe agus inmharthana. Is í an fhealsúnacht atá mar dhúshraith ag an straitéis ná mian OÉ Gaillimh soláthar a dhéanamh do riantanais shainiúla na

## Strategic Priority 5

### Develop New Structures and Approaches to Support the Sustainable Development of Irish-medium Teaching and Research Activities

Recent developments in the Gaeltacht and the Irish language community pose opportunities and challenges for the survival of the Gaeltacht and the development of the Irish language in the country as a whole. These include developments in Irish-medium education at primary and second level, the development of Irish-medium broadcasting services and the development of industrial and technological employment opportunities. The University has a long-standing commitment to the provision of academic programmes through Irish. Its statutory obligation under the University College Galway Act, 1929, in respect of the use of the Irish language as a working language in the University and its location on the periphery of the largest and strongest Gaeltacht community, means the University has a primary role in supporting and facilitating these developments. This has led to a range of practices and initiatives to support the development of the Irish language in the University and in the wider society as a whole. These include the delivery of diploma, degree and post-graduate courses through the medium of Irish, the development of education centres in the Gaeltacht

and support for the development of an exemplary bilingual campus. Proposed actions in relation to this strategic priority are presented under three broad headings:

- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (structural)
- Teaching through Irish (specific)
- Development of a bilingual campus (overarching)

#### 5.1 Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

In the year 2000, the University carried out a major review of its activities in this area. This has resulted in the preparation of a new strategic plan for the development of Irish-medium University education, which has been submitted to Government. The aim is to develop this sector in a focused and sustainable way. Its underlying philosophy is the desire of NUI Galway to provide for the specific needs of Irish speakers and Gaeltacht communities, through the promotion of academic programmes, courses and research activities in subject areas that are seen as being of over-riding importance to their future development, and through initiatives in other related areas. The development strategy aims to increase the Irish-medium educational opportunities available to Irish speakers, in the Gaeltacht and throughout the country, and to contribute in a positive manner to the social,

gcainteoirí Gaeilge agus na bpobal Gaeltachta, trí chláir, cúrsaí agus gníomhaíochtaí taighde acadúla a chur chun cinn, i réimsí a bhfuil fíorthábhacht uileghabhálach ag baint leo dá dtodhchaf féin, agus trí thionscnaimh i réimsí eile dá leithéid a chur ar bun chomh maith. Díríonn an straitéis forbartha ar dheiseanna oideachais atá ar fáil trí mheán na Gaeilge do chainteoirí Gaeilge a mhéadú, sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre agus cur, ar bhealach dearfach, le saol sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus teangeolaíoch a bpobal agus na tíre. Tá forbairt ar mhúnla oideachais tríú leibhéal ríthábhachtach d'fhís na hOllscoile sa réimse seo, múnla ar féidir le pobail míonteacha eile aithris a dhéanamh air mar uirlis dá bhforbairt inmharthana féin.

Lena chinntiú go mbeidh rath ar chur i bhfeidhm na straitéise forbartha seo, tá gá le machnamh iomlán a dhéanamh ar struchtúir agus beartais ghaolmhara na hOllscoile, lena n-áirítear athbhreithniú ar fhorálacha Acht 1929 i gcomhthéacs bhunú Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge mar struchtúr a bheadh freagrach as an straitéis forbartha a chur i bhfeidhm do ról na Gaeilge san Ollscoil.

#### Gníomhartha chun Tacú le Forbairtí a bhaineann le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

##### *Laistigh den Chéad Bhliain den Phlean*

- Struchtúir fhaofa d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a chur i bhfeidhm
- Comhoibriú le hInstitiúidí eile tríú leibhéal chun soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a mhéadú ar bhonn náisiúnta
- Athbhreithniú ar na nósanna imeachta agus beartais ábhartha Ollscolaíochta sa réimse seo a thabhairt chun críche, lena n-áirítear – i gcomhthéacs cur i bhfeidhm na struchtúr faofa d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus oibriú i gcomhar leo sin – athbhreithniú ar fhorálacha Acht 1929

economic, cultural and linguistic life of their communities and of the country. Intrinsic to the University's vision in this area is the development of a third-level education model that can be emulated by other minority language communities as a vehicle for their sustainable development.

The successful implementation of this development strategy calls for a full consideration of the University's related structures and policies, including a review of the provisions of the 1929 Act in the context of the establishment of Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge as the body responsible for the implementation of the development strategy for the role of the Irish language in the University.

#### Actions to Support Developments related to Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

##### *Within First Year of Plan*

- Implement agreed structures for Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
- Collaborate with other third-level institutions with a view to increasing the provision of Irish-medium third-level education on a national basis
- Complete a review of relevant University policies and procedures in this area, including - in conjunction with, and in the context of, the implementation of the agreed structures for Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge - a review of the provisions of the 1929 Act



**Gníomhartha chun Tacú le Forbairtí a bhaineann le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**

***Laistigh de Thréimhse an Phlean***

- Clár agus gníomhaíochtaí taighde nuálaíoch breise trí mheán na Gaeilge a fhorbairt ar bhonn céimnithe
- Pleananna a chur i bhfeidhm, mar atá curtha faoi bhráid an Rialtais, d'fhorbairt ionaid oideachais na hOllscoile sa Gaeltacht agus in Áras na Gaeilge
- Oibriú go dlúth leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le hÚdarás na Gaeltachta agus le comhlachtaí eile ar dhualgas oibre i leith na Gaeltachta agus na Gaeilge
- Infheistiú i straitéis náisiúnta margaíochta chun mic léinn a mhealladh a rachaidh chun sochair an oideachais tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge
- Saineolas a mbeadh clú náisiúnta agus domhanda air a fhorbairt maidir le pobail mionteangacha a chothú agus a fhorbairt
- Scoláireachtaí a mbeadh méadú suntasach orthu a thabhairt isteach chun na mic léinn Ghaeilge is fearr a mhealladh

**Actions to Support Developments related to Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**

***Within Period of Plan***

- Develop further innovative Irish-medium programmes and research activities on a phased basis
- Implement plans for the development of the University's education centres in the Gaeltacht and Áras na Gaeilge as submitted to Government
- Work closely with the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, Údarás na Gaeltachta and other bodies with a remit in relation to the Gaeltacht and the Irish language
- Invest in a national marketing strategy to attract students to the benefits of Irish-medium third-level education
- Develop national and world-leading expertise in the support and development of minority language communities
- Introduce significantly enhanced scholarships to attract best Irish language students



## 5.2 Tacú leis an Teagasc trí Ghaeilge

Réiteofar an bóthar agus tabharfar tacaíocht do Ranna Acadúla a bhfuil clár á gcur ar fáil trí mheán na Gaeilge acu faoi láthair agus Ranna ar mian leo clár a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Cuirfear tacaíocht aistriúcháin ar fáil mar chuid de sin chun go ndéanfaí ábhar na gcúrsaí a fhorbairt, agus chun comhoibriú a spreagadh idir ranna agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sa chaoi agus go ndéanfaí úsáid na Gaeilge a uasmhéadú i gcroí-ghníomhaíochtaí na hOllscoile

### Gníomhartha chun tacú leis an Teagasc trí Ghaeilge

#### *Laistigh den Chéad Bhliain den Phlean*

- Laistigh den straitéis ghinearálta saoire agus scéimeanna dreasachta, dreasachtaí a thabhairt isteach atá dírithe go speisialta ar chomhaltaí foirne le hábhar acadúil d'ardchaighdeán a chur ar fáil – do chláir teagaisc agus/nó taighde trí Ghaeilge
- Dreasachtaí a thabhairt isteach chun comhoibriú a spreagadh idir acadóirí aonair, Ranna, agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i ndearadh agus i soláthar clár trí mheán na Gaeilge

#### *Laistigh de Thréimhse an Phlean*

- A chinntiú go bhfuil na struchtúir, na sásraí agus na hacmhainní i bhfeidhm chun réimse níos leanúnaí agus níos leithne clár Ollscoile trí mheán na Gaeilge a sholáthar go himmharthana

## 5.2 Support Teaching through Irish

Academic Departments which currently provide programmes through the medium of Irish and Departments which wish to introduce new Irish-medium programmes will be facilitated and supported. This will include the provision of translation support for the development of course material, and the encouragement of co-operation between departments and Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge with a view to maximising the use of the Irish language in the core activities of the University.

### Actions to Support Teaching through Irish

#### *Within First Year of Plan*

- Within the overall strategy of leave and incentive schemes, introduce special targeted incentives for staff to produce quality academic material for teaching and/or research programmes in Irish
- Introduce incentives to encourage co-operation between individual academics, Departments, and Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in the design and delivery of Irish-medium programmes

#### *Within Period of Plan*

- Ensure that the structures, mechanisms and resources are in place for the sustainable provision of a more coherent and extensive range of University programmes through the medium of Irish

### 5.3 Tacú le Campas Dátheangach a Fhorbairt

Beidh cur i bhfeidhm pleananna do bhunú agus d'fhorbairt Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge mar chuid lárnach de straitéis na hOllscoile chun campas dátheangach eiseamláireach a chruthú. Chomh maith leis sin, aithnítear, áfach, go bhfuil go leor mac léinn agus ball foirne ann nach bhfuil rannpháirteach go díreach i ngníomhaíochtaí an Acadaimh ach ar mian leo an deis a bheith acu páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Gaeilge ar an gcampus. Chun éascaíocht a dhéanamh lena aghaidh sin, leanfaidh an Ollscoil uirthi ag tacú le feabhsúchán ar scileanna Gaeilge agus ar oiliúint Ghaeilge na gcomhaltaí foirne agus na mac léinn agus déanfaidh sí gníomhaíochtaí Gaeilge ar an gcampus ina iomláine a éascú.

### Gníomhartha chun Tacú le Forbairt Campais Dhátheangaigh

#### *Laistigh den Chéad Bhliain den Phlean*

- Athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta na hOllscoile leis na bealaí ina bhféadfaí feabhas a chur ar chumas na hOllscoile an réimse is leithne agus is féidir dá cuid seirbhísí a sholáthar go dátheangach
- An Diplóma sa Ghaeilge a cur in iúl níos leithne do chorpas na mac léinn
- Leanúint le soláthar an Diplóma sa Ghaeilge agus cúrsaí eile Gaeilge don fhoireann agus do mhic léinn ar champas agus méadú a dhéanamh orthu

#### *Laistigh de Thréimhse an Phlean*

- Soláthar tumchúrsaí Gaeilge a fhorbairt do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne sna hionaid Ghaeltachta
- Éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt réimse gníomhaíochtaí cultúrtha agus sóisialta trí mheán na Gaeilge do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne
- Tacaíocht pleanála agus comhairle teanga a sholáthar do ranna acadúla, riaracháin, seirbhíse agus teicniúla ar mian leo a gcumas seirbhísí a sheachadadh trí mheán na Gaeilge a fheabhsú

### 5.3 Support the Development of a Bilingual Campus

The implementation of plans for the establishment and development of Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge will be central to the University's strategy for creating an exemplary bilingual campus. In addition, however, it is recognised that many students and staff members not directly involved in the Acadamh's activities will also wish to have an opportunity to participate in Irish-language activities on campus. To facilitate this the University will continue to support improvement of Irish-language skills, and Irish-language training of staff and students, and facilitate Irish-language activities on a campus-wide basis.

### Actions to Support the Development of a Bilingual Campus

#### *Within First Year of Plan*

- Review of the University's policies and procedures with a view to identifying ways in which the University's ability to deliver the broadest range of its services bilingually can be achieved
- Communicate the availability of the Diploma in Irish more widely among the student body
- Continue and extend the provision of the Diploma in Irish and other Irish language courses for students and staff members on campus

#### *Within Period of Plan*

- Develop the provision of Irish-language immersion courses for students and staff members in Gaeltacht centres
- Facilitate the development of a range of Irish-medium cultural and social activities for students and staff
- Provide language planning support and advice for academic, administrative, service and technical departments to enable them to improve their ability to deliver services through the medium of Irish